Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11132 – CONCENTRIX / WEBHELP)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 287/04)

1. An 8 Lúnasa 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Concentrix Corporation ('Concentrix', na Stáit Aontaithe),

— Webhelp S.A.S. ('Webhelp', an Fhrainc).

Gheobhaidh Concentrix rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Webhelp ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta seirbhísí eispéireas custaiméirí é Concentrix atá gníomhach ar fud an domhain, agus a úsáideann teicneolaíocht chun seirbhísí seachfhoinsithe a chur ar fáil chun a chur ar a gcumas dá chliaint eispéireas an chustaiméara deiridh agus an úsáideora deiridh a bhainistiú. Tairgeann Concentrix seirbhísí TF, agus díríonn sé ar sheirbhísí seachfhoinsithe próiseas gnó ('BPO') agus go háirithe ar sheirbhísí bainistíochta eispéireas custaiméirí BPO ('CXM BPO') agus, ar bhonn níos lú, ar sheirbhísí airgeadais agus cuntasaíochta BPO. Cuireann Concentrix seirbhísí comhlántacha eile ar fáil freisin, lena n-áirítear seirbhísí comhairliúcháin TF, agus seirbhísí cur chun feidhme agus bainistithe feidhmchlár.

— Is soláthraí seirbhísí BPO atá gníomhach ar fud an domhain é Webhelp, agus tairgeann sé punann seirbhíse leathan chun tacaíocht ó cheann go ceann a chur ar fáil do chliaint, lena n-áirítear cúnamh teicniúil do chustaiméirí, seirbhísí dílseachta custaiméirí, seirbhísí bainistíochta éileamh custaiméirí, bailiúcháin sonraí custaiméirí ilchainéil, seirbhísí digiteacha agus margaíochta agus réitigh fiontair. Tá Webhelp faoi rialú Groupe Bruxelles Lambert ('GBL', an Bheilg) faoi láthair, ar cuideachta sealbhaíochta infheistíochta poiblí é.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11132 – CONCENTRIX / WEBHELP

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').